Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Aibreán 2025
(OR. en)

8134/25

CLIMA 113
ENV 260
ENER 103
TRANS 135
IND 113
COMPET 270
MI 223
AGRI 148
ECOFIN 445
DELACT 39

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Aibreán 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 2232 final |
| Ábhar: | CINNEADH TARMLIGTHE (AE) …/… ÓN gCOIMISIÚN an 15.4.2025 maidir le hearnálacha a chuir an Fhionlainn san áireamh go haontaobhach sa chóras trádála astaíochtaí laistigh den Aontas le haghaidh foirgneamh, iompar de bhóthar agus earnálacha breise de bhun Airteagal 30j de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 2232 final.

---

Faoi iamh: C(2025) 2232 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.4.2025
C(2025) 2232 final

**CINNEADH TARMLIGTHE (AE) …/… ÓN gCOIMISIÚN**

**an 15.4.2025**

**maidir le hearnálacha a chuir an Fhionlainn san áireamh go haontaobhach sa chóras trádála astaíochtaí laistigh den Aontas le haghaidh foirgneamh, iompar de bhóthar agus earnálacha breise de bhun Airteagal 30j de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA AE) bunchloch bheartas aeráide an Aontais Eorpaigh agus an phríomhuirlis chun cuspóir an Aontais a bhaint amach, is é sin astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ar bhealach costéifeachtach. Mar thoradh ar an leasú ar Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí) in 2023, bunaíodh córas trádála astaíochtaí nua (CTA 2) faoi Chaibidil IVa den Treoir sin. Cumhdaítear le raon feidhme an chórais nua sin breoslaí a úsáidtear le haghaidh dócháin i bhfoirgnimh agus san earnáil iompair de bhóthar chomh maith le hearnálacha breise a chomhfhreagraíonn do ghníomhaíochtaí tionsclaíocha nach gcumhdaítear le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí. Sainítear na gníomhaíochtaí a chumhdaítear le CTA 2 faoi Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí.

Le hAirteagal 30j den Treoir maidir le Córas Trádála Astaíochtaí ceadaítear do na Ballstáit leathnú a dhéanamh, go haontaobhach, ar raon feidhme chur i bhfeidhm CTA 2 ina ndlínse chun earnálacha a chumhdach nach liostaítear faoi Iarscríbhinn I ná Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí, agus trádáil astaíochtaí a chur i bhfeidhm sna hearnálacha sin. Déantar foráil le hAirteagal 30j freisin go dtugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh chun na hiarrataí aonair ar leathnú a fhormheas, eisiúint lamháltas breise a údarú agus Ballstáit eile a údarú chun an ghníomhaíocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn III a leathnú.

Leis an gcumhachtú sin, tugtar an bunús don chinneadh tarmligthe seo lena bhformheastar an iarraidh ón bhFionlainn, a cuireadh isteach i bhfoirm litreach an 19 Nollaig 2024, chun CTA 2 nua a leathnú chuig na hearnálacha a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an ngníomh seo.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuir an Coimisiún ionadaithe na mBallstát ó Ghrúpa Saineolaithe an Choimisiúin um an mBeartas don Athrú Aeráide ar an eolas faoi Chur Chun Feidhme CTA 2 maidir leis an nós imeachta agus an amlíne i dtaca le formheas iarrataí aontaobhacha ar leathnú raon feidhme an chórais i mí Mheán Fómhair 2023, i mí na Nollag 2023, i mí Feabhra 2024, i mí Mheán Fómhair 2024, i mí na Samhna 2024 agus i mí Feabhra 2025.

Thug an Fhionlainn fógra faoi iarraidh fhoirmiúil ar rogha a bheith páirteach i litir dar dháta an 19 Nollaig 2024.

An 13 Eanáir 2025, chomhroinn ranna an Choimisiúin an dréachtchinneadh tarmligthe le haghaidh comhairliúchán le hionadaithe na mBallstát ó Ghrúpa Saineolaithe an Choimisiúin um an mBeartas don Athrú Aeráide maidir le cur chun feidhme CTA 2.

An 13 Eanáir 2025, tarchuireadh an dréachtchinneadh tarmligthe atá beartaithe go comhuaineach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle le haghaidh comhairliúcháin, mar a fhoráiltear sa Chomhthuiscint maidir le Gníomhartha Tarmligthe atá i gceangal leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

Foilsíodh an dréachtchinneadh tarmligthe ar an tairseach um Rialáil Níos Fearr ar feadh tréimhse aiseolais 4 seachtaine ón 17 Feabhra go dtí an 17 Márta 2025. Le linn na tréimhse sin, fuarthas cúig aighneacht, ar a n-áirítear aon aighneacht amháin ó eagraíocht

neamhrialtasach, aon aighneacht amháin ó chuideachta, agus aon aighneacht amháin ó chomhlachas gnó agus dhá aighneacht ó shaoránaigh den Aontas Eorpach. San aiseolas a bhaineann le hábhar an chomhairliúcháin, bhí faisnéis den chineál céanna a cuireadh i láthair cheana le linn an phlé a rinneadh laistigh den Ghrúpa Saineolaithe um an mBeartas don Athrú Aeráide. Mar thoradh air sin, choinnigh an Coimisiún téacs an chinnidh tharmligthe.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Glactar an Cinneadh Tarmligthe seo ón gCoimisiún de bhun Airteagal 30j den Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí.

Tá trí ghné ag baint le héifeacht dhlíthiúil an ghnímh seo:

(a) formheastar leis an liosta earnálacha breise ar chinn an Fhionlainn cur i bhfeidhm CTA 2 a leathnú chun iad a chumhdach;

(b) socraítear leis dáta tosaigh chur i bhfeidhm na n-oibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe le haghaidh eintitis rialáilte a sholáthraíonn breoslaí sna hearnálacha a chumhdaítear leis an leathnú aontaobhach ar an raon feidhme; agus

(c) údaraítear leis, ó 2027 ar aghaidh, eisiúint lamháltais bhreise CTA 2 a chomhfhreagraíonn do na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a ghintear sna hearnálacha a chumhdaítear leis an leathnú aontaobhach sin ar an raon feidhme.

**CINNEADH TARMLIGTHE (AE) …/… ÓN gCOIMISIÚN**

an 15.4.2025

**maidir le hearnálacha a chuir an Fhionlainn san áireamh go haontaobhach sa chóras trádála astaíochtaí laistigh den Aontas le haghaidh foirgneamh, iompar de bhóthar agus earnálacha breise de bhun Airteagal 30j de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 30j de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. Le hAirteagal 30j(1) de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, tugtar an deis do na Ballstáit, ó 2027 ar aghaidh, leathnú a dhéanamh, go haontaobhach, ar chur i bhfeidhm an chórais trádála astaíochtaí laistigh den Aontas (‘CTA AE’) le haghaidh foirgneamh, iompar de bhóthar agus earnálacha breise chun earnálacha a chumhdach nach liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2003/87/CE.

2. Agus leas á bhaint ag na Ballstáit as an deis sin, cuirfidh siad san áireamh go háirithe na héifeachtaí ar an margadh inmheánach, saobhadh iomaíochta féideartha, sláine comhshaoil an chórais trádála astaíochtaí agus iontaofacht an chórais faireacháin agus tuairiscithe atá beartaithe.

3. An 19 Nollaig 2024, thug an Fhionlainn fógra faoi iarraidh ar chur i bhfeidhm an chórais trádála astaíochtaí le haghaidh foirgneamh, iompar de bhóthar agus earnálacha breise a leathnú chun liosta earnálacha a chumhdach nach gcumhdaítear go fóill le hIarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2003/87/CE ná le Caibidlí II agus III den Treoir sin.

4. Mhínigh údaráis na Fionlainne, le cuimsiú earnálacha breise, go laghdófaí an t-ualach riaracháin agus go n-éascófaí na próisis tuairiscithe agus faireacháin le haghaidh na n-eintiteas rialáilte agus an údaráis inniúil náisiúnta. Ina theannta sin, bheadh praghsáil níos aonfhoirmí ar dhé-ocsaíd charbóin i measc na n-earnálacha mar thoradh air.

5. I dtuairim an Choimisiúin, dá leathnófaí raon feidhme CTA AE thar an liosta gníomhaíochtaí a liostaítear faoi Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2003/87/CE, mar a d’iarr an Fhionlainn, bheadh tairbhí comhshaoil ann go deimhin, agus bheadh simpliú riaracháin i gceist do sholáthróirí breosla atá ag gníomhú mar eintitis rialáilte san Fhionlainn.

6. Ar bhonn na sonraí athbhreithnithe maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa le haghaidh 2016, 2017 agus 2018 a rinneadh in 2020, i gcomhréir le hAirteagal 4(3) de

[1] IO L 275, 25/10/2003, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/2024-03-01.

Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], is é 1 179 206 t$CO_2$ meánmhéid iomlán na n-astaíochtaí a chomhfhreagraíonn do na hearnálacha ar thug an Fhionlainn fógra fúthu i gcomhthéacs na hiarrata sin ar leathnú aontaobhach. Úsáidfear an méid sin mar bhonn chun méid na lamháltas breise a bheidh le heisiúint amach anseo ó 2027 ar aghaidh a ríomh.

7. Rinne an Coimisiún measúnú ar na modheolaíochtaí tuairiscithe agus faireacháin atá beartaithe ag an bhFionlainn agus tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil siad iontaofa agus i gcomhréir le ceanglais Airteagal 30j de Threoir 2003/87/CE.

8. Leis an gcóras dleachta máil atá i bhfeidhm san Fhionlainn, go háirithe na bonneagair dháileacháin, ní chuirtear é ar a gcumas go héifeachtach d'eintitis rialáilte úsáid deiridh breoslaí a idirdhealú idir earnálacha a chumhdaítear cheana féin le hIarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2003/87/CE ar thaobh amháin, agus na hearnálacha lena mbaineann an leathnú raoin feidhme seo ar an taobh eile. Chun faireachán, tuairisciú agus fíorú costéifeachtach ar astaíochtaí a éascú agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú a bhaineann le tuairisciú atá bainteach leis an bhfachtóir raoin sna tuarascálacha astaíochtaí bliantúla agus sna pleananna faireacháin, níor cheart a cheangal ar eintitis rialáilte idirdhealú a dhéanamh idir tuairisciú astaíochtaí in earnálacha lena mbaineann leathnú an raoin feidhme agus astaíochtaí in earnálacha a chumhdaítear cheana féin le hIarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2003/87/CE.

9. Chun an timthriall bliantúil tráthrialta a chomhlíonadh maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí sa chóras trádála astaíochtaí nua le haghaidh foirgneamh, iompar de bhóthar agus earnálacha breise, is iomchuí go ndéanfadh eintitis rialáilte astaíochtaí fíoraithe don raon feidhme leathnaithe dar thús an 1 Eanáir 2025 a thuairisciú, i gcomhréir le hAirteagal 30f(2) de Threoir 2003/87/CE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Raon feidhme fhormheas an leathnaithe aontaobhaigh**

An leathnú, san Fhionlainn, ar an ngníomhaíocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2003/87/CE chun na hearnálacha a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a chumhdach, formheastar an leathnú sin faoi réir na gcoinníollacha a liostaítear in Airteagal 3.

*Airteagal 2*

**Eisiúint liúntas breise a údarú**

Eiseofar lamháltais bhreise in 2027 ar bhonn mheánmhéid na n-astaíochtaí iomlána, is é sin 1 179 206 t$CO_2$ arna dtuairisciú ag an bhFionlainn i dtaobh na n-earnálacha a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo le haghaidh 2016, 2017 agus 2018 i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos in Airteagal 30c(1) de Threoir 2003/87/CE.

[2] Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus chun gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 156, 19/6/2018, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/842/2023-05-16).

*Airteagal 3*

**Oibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe**

Áiritheoidh an Fhionlainn go ndéanfaidh gach eintiteas rialáilte faireachán agus tuairisciú, i gcomhréir le hAirteagal 30f(2) de Threoir 2003/87/CE, don údarás inniúil, le haghaidh gach bliana féilire, ar na hastaíochtaí a chomhfhreagraíonn do na cainníochtaí breoslaí arna scaoileadh chun ídithe ón 1 Eanáir 2025 sna hearnálacha a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 4*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15.4.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*